Géarchéim Eacnamaíochta

Ceist 1: Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin ngéarchéim eacnamaíochta atá in Éirinn faoi láthair.
Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan na ceisteanna seo a phlé leis an duine an aice leat.

An bhfuil an Rialtas ag déileáil go maith leis an ngéarchéim eacnamaíochta dar leat?
Céard é réiteach na faidhbe i do thuairim?

Ceist 2: Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat, ceangail na focail ar chlé leis na focail ar dheis.

1) Comhdháil	a) Economists
2) Seirbhís Phoiblí	b) International
3) Caiteachas	c) Deficit
4) Easnamh	d) Public Service
5) Cánacha	e) Taxes
6) Idirnáisiúnta	f) Expenditure
7) Forbairt	g) Conference
8) Fadhbanna	h) Development
9) Eacnamaithe	i) Cut backs
10) Ciorruithe	j) Difficulties

Ceist 3: Féach ar an tuairisc don dara huair. An bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach?

1) Deir eacnamaithe go gcaithfidh an Rialtas ciorruithe a dhéanamh i ngach uile réimse caiteachais má tá an tír le teacht slán as an ngéarchéim eacnamaíochta.

Fíor/Bréagach

2) Réiteofar na fadhbanna eacnamaíochta trí chiorruithe pá a ghearradh ar dhaoine atá ag obair sa tseirbhís phoiblí.

Fíor/Bréagach

3) Má éiríonn leo ciorruithe 10% atá luaite leis an earnáil seo a chur i bhfeidhm, ní bheidh ansin ach sábháil de cheithre mhilliún Euro.

Fíor/Bréagach

4) Creideann siad (na heacnamaithe) go leanfaidh an ghéarchéim ar aghaidh go dtí 2010

Fíor/Bréagach

5) Is leor na ciorruithe de 10% le teacht slán ón ngéarchéim eacnamaíochta.

Fíor/Bréagach

6) Tá géarchéim eacnamaíochta in Éirinn faoi láthair.

Fíor/Bréagach

Ceist 4: **'Deir** eacnamaithe go gcaithfidh…'
Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis seo?
Bain triail as na samplaí seo a leanas

1. (Beir) Seán ar an liathróid gach lá.
2. (Rith) sí go teach a Mamó gach seachtain chun uibheacha a fháil.
3. (Buail) an clog gach lá ag leathuair tar éis a trí.
4. (Feic) Pól a thuismitheoirí sa bhaile gach lá.
5. (Léim) na páistí ag ranganna cispheile gach Aoine.
6. (Ól) Gearóid tae gach lá ar a dó a chlog.
7. (Tit) sneachta trom gach geimhreadh sa tSualainn.
8. (Siúil) Máire ar scoil gach lá ach faigheann sí an bus abhaile.

Ceist 5: Anois le dul siar ar an méid atá déanta agat, an féidir leat na bearnaí thíos a líonadh leis na focail atá idir lúibíní

Cormac Ó Gráda (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)
Is léir nach leor sin, tá an chuma air go_____ gá le ciorruithe agus ní maith linn sin ach tá an chuma air go dtarlóidh siad_____ go leor ach go mbeidh ciorrúcháin sa chaiteachas ag gach leibhéal agus ansin a bheith ag súil go gcuirfidh sé sin, le b'fhéidir, _____ amach anseo.

Brendan Whelan (Iar Stiúrthóir ESRI)
Táimid ag féachaint ar easnamh sa chaiteachas poiblí ní hamháin i _____ach ar feadh ceithre nó cúig bliana agus gur deacracht é sin nár bhuaileamar leis riamh roimhe seo. Agus an dara rud ná, go bhfuil daoine ag moladh go gcaithfimid tabhairt faoin deacracht sin ó gach_____ , is é sin ní hamháin caiteachas a laghdú ach cánacha a ardú.
_____siad go leanfaidh an ghéarchéim ar aghaidh go dtí 2010 ar a laghad agus go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh níos faide ag brath ar chúrsaí go hidirnáisiúnta.

(Creideann, forbairt, taobh, mbeidh, mbliana, ceart)

Ceist 6: Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa
An gceapann tú go rachaidh daoine óga ar imirce anois de bharr na heacnamaíochta? Má théann cén áit gur féidir leo dul?
An bhfuil mórán dóchais ann do mhic léinn ollscoile?

Freagraí

Ceist 1: Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ceist 2:
1=g
2=d
3=f
4=c
5=e
6=b
7=h
8=j
9=a
10=i

Ceist 3:
1=Fíor
2=Bréagach
3=Bréagach
4=Fíor
5=Bréagach
6=Fíor

Ceist 4: **Deir**= Aimsir ghnáthláithreach
1=Beireann
2=Ritheann
3=Buaileann
4=Feiceann
5=Léimeann
6=Ólann
7=Titeann
8=Siúlann

Ceist 5: Cormac Ó Gráda (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)
Is léir nach leor sin, tá an chuma air go **mbeidh** gá le ciorruithe agus ní maith linn sin ach tá an chuma air go dtarlóidh siad **ceart** go leor ach go mbeidh ciorrúcháin sa chaiteachas ag gach leibhéal agus ansin a bheith ag súil go gcuirfidh sé sin, le b'fhéidir, **forbairt** amach anseo.

Brendan Whelan (Iar Stiúrthóir ESRI)
Táimid ag féachaint ar easnamh sa chaiteachas poiblí ní hamháin i **mbliana** ach ar feadh ceithre nó cúig bliana agus gur deacracht é sin nár bhuaileamar leis riamh roimhe seo. Agus an dara rud ná, go bhfuil daoine ag moladh go gcaithfimid tabhairt faoin deacracht sin ó gach **taobh**, is é sin ní hamháin caiteachas a laghdú ach cánacha a ardú.
Creideann siad go leanfaidh an ghéarchéim ar aghaidh go dtí 2010 ar a laghad agus go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh níos faide ag brath ar chúrsaí go hidirnáisiúnta.

Ceist 6 Is féidir leo na ceisteanna seo a pléigh i mbeirteanna nó mar ghrúpa.

Sliocht

Eimear Ní Chonaola
Deir eacnamaithe go gcaithfidh an Rialtas ciorruithe a dhéanamh i ngach uile[1] réimse caiteachais má tá an tír le teacht slán as an ngéarchéim eacnamaíochta. Deir siad go bhféadfadh an ghéarchéim leanúint[2] ar aghaidh go dtí 2010 ar an laghad agus nach leor ciorruithe pá sa tseirbhís phoiblí leis an scéal seo a réiteach. Tá tuairisc ag Sorcha Ní Riada.

Sorcha Ní Riada
Dúradh ag comhdháil eacnamaíochta inniu nach[3] réiteofar na fadhbanna eacnamaíochta trí chiorruithe pá de leithéidí na Gardaí seo agus de dhaoine eile atá ag obair sa tseirbhís phoiblí. Má éiríonn leo ciorruithe 10% atá luaite leis an earnáil seo a chur i bhfeidhm, ní bheidh ansin ach sábháil de dhá mhilliún Euro. Beidh gá le[4] i bhfad níos mó ná sin le rudaí a chur ina cheart arís.

Cormac Ó Gráda (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)
Is léir nach leor sin, tá an chuma[5] air go mbeidh gá le ciorruithe agus ní maith linn sin ach tá an chuma[6] air go dtarlóidh siad ceart go leor ach go mbeidh ciorrúcháin sa chaiteachas ag gach leibhéal agus ansin a bheith ag súil go gcuirfidh sé sin, le b'fhéidir, forbairt amach anseo.

Brendan Whelan (Iar Stiúrthóir ESRI)
Táimid ag féachaint ar easnamh sa[7] chaiteachas poiblí ní hamháin i mbliana ach ar feadh ceithre nó cúig bliana agus gur deacracht é sin nár bhuaileamar leis riamh roimhe seo. Agus an dara rud ná, go bhfuil daoine ag moladh go gcaithfimid tabhairt faoin deacracht sin ó gach taobh, is é[8] sin ní hamháin caiteachas a laghdú ach cánacha a ardú.
Creideann siad go leanfaidh an ghéarchéim ar aghaidh go dtí 2010 ar a laghad agus go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh níos faide ag brath ar chúrsaí go hidirnáisiúnta.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

[1] Chuile a deirtear
[2] leanacht a deirtear i gcanúint an léitheora
[3] ná a deirtear i gCanúint na Mumhan
[4] len a deirtear
[5] an cuma a deirtear
[6] an cuma a deirtear
[7] in san a deirtear
[8] sé sin a deirtear